

An Cumann Forbartha

Plean Oibre 2005

Seo a leanas an Plean Oibre a leag Cumann Forbartha Chois Fharraige amach i mbliana, 2005, ag leanacht leis an bplean a bhí ann roimhe sin:

Leibhéal 4

Fís: Ceantar an Chumann Forbartha a fhorbairt le nasc na Gaeilge d'fhonn an pobal láidir Gaeltachta seo a dhaingniú, a neartú, agus a bhuanú, eacnamaíocht, cultúr agus an saol sóisialta san áireamh.

Duais Speisialta An Duais Óige, Duais Chló Iarchonnachta agus Duais na Comhairle Oidhreachta.

Coiste 2005

Cathaoirleach: Seán Ó Ráighne; Leasathaoirleach: An tAthair Micheál Ó Flannabhra; Rúnaí: Brian Ó Baoill; Cisteoir: Séamus Ó Fatharta, Leaschisteoir, Pádraig Ó Fatharta; OCP: Morgan Ó Conchubhair; Máire Denvir; Sorcha Ní Scanláin; Pádraig Ó Héalaí; Máirtín Davy Ó Coisdealbha

Tá sé i gceist ag an gCumann Forbartha leanacht leis an modh oibre a lean sé in 2004.

Forbairt Nua. Is é an mórchoiste atá ag an gCumann Forbartha ná na hionadaithe ó na heagrais chomhpháirteacha mar: An Eaglais; Na hInstitiúidí Oideachais; Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta; Comharchumann Shailearna; An Cumann Béaloideas; Pastime Chonamara; Na Cumainn Óige agus Spóirt; An Cumann Drámaíochta; Siopaí; Na Coláistí Samhraidh; Na Ranganna Sean-nóis; Na hEastáit Tionsclaíochta; Na Tithe Tábhairne, Na Cumainn Carthanachta; Coiste na Reilige. Tá sé beartaithe an mórchoiste sin a thabhairt le chéile níos minicí le haghaidh pleanála agus

monatóireachta agus déanfar monatóireacht rialta ar dhul chun cinn gach aon chuid den phlean. Cuireadh isteach ar mhaoiniú ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus mar thoradh air sin, tá Bainisteoir Teanga le ceapadh ag an gComharchumann.

Oideachas

Tá sé i gceist dlúthbhaint a choinneáil leis an Naíscoil, An Bhunscoil, An Mheánscoil, agus leis an gCraobh áitiúil den Ollscoil, leis an oiread tacaíochta agus is féidir a thabhairt dóibh leis an gcuspóir atá acu staid na Gaeilge iontu a láidriú. Tá sé i gceist freisin cúnamh a thabhairt d'imeachtaí Gaeilge.

Forbairt Nua: An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh. Tá sé i gceist béim ar leith a chur ar chúrsaí Gaeilge do thuismitheoirí gasúr nach bhfuil á dtógáil le Gaeilge, tuismitheoirí gasúr sa dara naíonra ina measc. Tá ceistneoir le cur amach le riachtanais dhaoine ó thaobh na Gaeilge de a aimsiú. Beidh cruinniú a shocrú leis na príomhoidí i gColáiste Cholmcille agus i gColáiste Chroí Mhuire le scéim don idirbhliain a chur faoina mbráid maidir le bailiú Logainmneacha

Óige

Coinneáil i dteagmháil le: Cumann Micheál Breathnach, Cumann Camógaíochta, Club Óige Lurgan, leis na Coláistí Gaeilge, An Campa Samhradh, Pastime Chonamara, Ógras agus Coiste na nÓg.

Tabharfar tacaíocht dá n-iarratais staid na Gaeilge a fhorbairt ina gcuid imeachtaí agus déanfar forbairt ar chinnirí óga sna Coláistí Gaeilge.

Forbairt Nua: Scrúdófar cás na ngasúir atá fós ró-óg don Chlub Óige féachaint an féidir club a bhunú dóibh. Tá cúrsa speisialta le n-eagrú do dhéagóirí lena gcuid Gaeilge a shaibhriú agus déanfar forbairt ar chinnireacht i measc na ndaoine óga.

Imeachtaí Sóisialta

Coinneofar i dteagmháil leis na tithe tábhairne, leis na heagrais spóirt agus óige, le Tearmann Ainín, leis an gCumann Drámaíochta, le Comharchumann Sailearna agus le gach eagrais a eagraíonn imeachtaí sóisialta agus a bheith páirteach leo.

Forbairtí nua: Scoil Cheoil agus Damhsa a eagrú thar deireadh seachtaine. Cuirfear béim ar leith ar chúnamh a thabhairt d'fhoghlaimeoirí sa cheantar trí imeachtaí ar nós Ciorcail Chomhrá a reáchtáil. Tá ciorcal léitheoireachta bunaithe, tabharfar tacaíocht do Comórtas Peile na Gaeltachta agus tá comhráití ar siúl le Coiste an Oireachtais faoin Oireachtas a thionól i gCois Fharraige sa mbliain 2008. Tá comórtas Filíochta agus Próis á reáchtáil agus tá plé á dhéanamh le Johnny Chóil Mhaidhc faoi ábhar dá chuid a fhoilsiú i bhfoirm leabhair/dlúthdhiosca. Ina theannta sin, beidh seisiúin seachtainiúla cheoil/amhránaíochta á n-eagrú do dhaoine óga, tá coiste le bunú do Chomóradh Mháirtín Uí Chadhain agus beidh ócáidí Gaeilge á n-eagrú do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Poiblíocht

Foilseofar iris an Chumainn, *Biseach*, aríst i mbliana agus cuirfear scéalta go dtí Raidió na Gaeltachta agus TG4.

Forbairt Nua: Spreagfar díolaíocht na bpáipéar agus na n-irisí Gaeilge sna siopaí, agus déanfar forbairt ar an suíomh idirlín. Déanfar iarracht na nuachtáin Bhéarla/dhá-theangach ar nós an *Connaught Tribune*, *Glór Chonamara*, an *Galway Advertiser*, srl a mhealladh le go nglacfaidh siad le scéalta i nGaeilge agus cuirfear na scéalta sin ar fáil dóibh. Tabharfar tacaíocht do Chumann Mícheál Breathnach agus don Chomharchumann chun comharthaí slachtmhara a chur in airde. Tá cruinniú le socrú le húinéirí nua Shiopa an Phobail chun iad spreagadh faoin nGaeilge agus tacaíocht a thairiscint dóibh chuige sin. Eagrófar cruinnithe le húinéirí siopaí agus lucht B/B faoi Ghaeilge a úsáid ar a gcuid fógraí. Eiseofar bileoga eolais dátheangacha faoi imeachtaí na Gaeilge, staid na Gaeilge, srl. agus scaipfear tríd an bpobail iad le daoine a spreagadh faoi labhairt, foghlaim agus léamh na Gaeilge agus foilseofar nuachtlitir ceithre huaire sa mbliain.

Togra Infrastruchtúir

Tá sé i gceist cónascadh a dhéanamh idir Thearmann Ainín agus Thearmann Eanna agus tá dul chun cinn beartaithe d'fhorbairt mhór ag ionad Chumann Mhichíl Bhreathnaigh.

Forbairt nua: Ionad leighis a thógáil do sheandaoine; seacht seomra nua a thógáil sa bhunscoil agus tá carrchlós le tógáil ag cúl an bunscoile.

Acht Teanga/Cairt Eorpach a fheidhmiú

Forbairt Nua: Déanfar iarracht a dheimhniú go mbeidh gach duine agus eagrais sa bParóiste ar an eolas faoin Acht Teanga agus spreagfar iad le feidhm a bhaint as an Acht. Cuirfidh an Cumann Forbartha liosta le chéile de na hoifigigh ar

féidir gnó trí Ghaeilge a dhéanamh leo sna heagrais stáit, cuirfear an t-eolas sin ar fáil don phobal agus spreagfar iad le feidhm a bhaint as na daoine sin. Tá cruinniú le socrú le hÚdarás na Gaeltachta le fadhbanna Gaeilge an cheantair a phlé le tagairt ar leith a dhéanamh d'fhorbairtí an Údaráis. Eagrófar seisiúin eolais faoi Chonradh Reachtúil na hEorpa.

Cúrsaí Eaglasta

Beidh chuile sheirbhís ar siúl trí Ghaeilge agus déanfar forbairtí nua.

Forbairt nua: Tá Comhairle Tréadach le bunú, mar aon le cúrsa do sheandaoine.

An Ghaeilge sa Teaghlach

Leanfar leis na pleananna don Ionad Tacaíochta Teaglaigh a thógáil. Tá €1m geallta ag an Aire Dlí agus Cirt, Michael Ó Dubhghaill. Coinneofar i ndlúththeagmháil leis na tuismitheoirí.

Forbairt nua: Rithfear Cúrsaí speisialta do thuismitheoirí agus tá Ciorcal Comhrá le bunú do thuismitheoirí. Scaipfear eolas faoi na scéimeanna atá ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Obair Leanúnacht

Reáchtáilfear cruinnithe míosúla de choiste Chumann Forbartha Chois Fharraige agus déanfar teagmháil rialta leis na hionadaithe sna heagrais, institiúidí agus cumainn sa cheantar. Cuirfear seirbhísí leanúnacha ar fáil do na haosaigh agus tabharfar tacaíocht do na scoileanna agus don óige. Déanfar cothú ar na hoícheanta áirneáin, seiteanna, rásaí, srl. trí Ghaeilge agus spreagfar daoine le páirt a ghlacadh i gcomórtais an Oireachtais, Údaráis na Gaeltachta, Feis Cheoil agus i bPléaráca. Beidh imeachtaí leanúnacha ar siúl sa Seanscoil, déanfar gnó trí Ghaeilge le gach institiúid stáit, agus déanfar gach seirbhís eaglasta agus comharchumann trí Ghaeilge.

Fáilte Isteach

Marcus Seán Ó Conghaile
Cor na Rón
01/10/2004

Amy Máire Ní Chadhain
Cor na Rón
25/09/2004

Amanda Mary Brady
Aille
02/09/2004

Oisín Patrick McHugh
Púirín
21/10/2004

Luca Antonio Ristori
Cnocán Glas
26/12/2004

Emily Patricia Ní Chonghaile
Bóthar Buí
18/01/2005

Patrick Michael Flannery
Cor na Rón
26/01/2005

Cormaic Antoine Ó Tuairisc
Lochán Beag
17/03/2005

Doireann Ní Fhoighil
Cathair
25/05/2005

Ciara Cáit Ní Fhlatharta
Teach Mór
23/06/2005

Fraoch Máire Daly
Coill Rua
10/08/2005

Ciara Ní Chualáin
Saile Chuana

Go Maire Sibh Bhur Nuaíocht

Máire Ní Choisdealbha, Cathair
Paul Patrick Joyce, Carna
30/12/2004

Tommy Ó Fátharta, Cor na Rón
Tracey Anne Conneely, Coill Rua
13/08/2004